# Siúlóid Oíche

Meánleibhéal 1 (B1)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi shiúlóid oíche (*nocturnal walk*) a eagraíodh chun airgead a bhailiú. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

| Na focail atá agat: | Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim: |
|---|---|
| siúlóid oíche<br>airgead a bhailiú<br>cumann | *mountain rescue association*<br>*voluntary work*<br>*strolling, rambling* |

1. An bhfuil tú féin i do bhall d'aon chlub nó de chumann ar bith? Cad iad?
2. An ndearna tú aon rud riamh chun airgead a bhailiú do chlub nó do chumann?
3. Cad a dhéanann na cumainn thíos, dar leat?

# B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| 1. dúshlán siúlóide | *a. voluntary work* |
| 2. beatha daoine | *b. thinking (about)* |
| 3. treoracha sábháilteachta | *c. high standard* |
| 4. aird a tharraingt ar (rud) | *d. darkness* |
| 5. maoinithe | *e. to draw attention to (something)* |
| 6. obair dheonach | *f. a walking challenge* |
| 7. ardchaighdeán | *g. calm, tranquil* |
| 8. geal | *h. strolling, rambling* |
| 9. dorchadas | *i. safety instructions* |
| 10. spaisteoireacht | *j. bright* |
| 11. ag cuimhneamh (ar) | *k. people's lives* |
| 12. suaimhneach | *l. funded* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | |

2. Cén Béarla atá ar 'Cumann Tarrthála Sléibhe na Gaillimhe'?

_______________________________________________________________

3. Féach ar an ráiteas misin thíos. Cén roinn rialtais atá i gceist, dar leat? ____________________

"Chun córas iompair inrochtana, éifeachtach, sábháilte agus inbhuanaithe a sheachadadh a thacaíonn le pobail, teaghlaigh agus gnólachtaí."

4. Scríobh contrárthacht na bhfocal thíos:

isteach ______________
amuigh ______________
anonn ______________
siar ______________

## C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair agus freagair na ceisteanna thíos.

a) Cén t-ainm atá ar an tsiúlóid a d'eagraigh Cumann Tarrthála Sléibhe na Gaillimhe?

b) Cén fáth ar eagraigh Cumann Tarrthála Sléibhe na Gaillimhe an tsiúlóid sin?

c) Cad iad na treoracha sábháilteachta a bhí á dtabhairt do dhaoine, dar leat?

d) Cé a mhaoiníonn Cumann Tarrthála Sléibhe na Gaillimhe, dar le Karina Feirtéar?

e) Cad a dhéanann an fhoireann tarrthála sléibhe, dar le Karina?

f) Cén cineál siúlóide a bhí ann? (cá háit? cé chomh fada? cathain?)

g) Deir Patsy Ó Cualáin nach fios cathain a bheadh seirbhísí tarrthála sléibhe ag teastáil uainn ar fad.

Fíor _____ Bréagach _____

2. Féach ar an mír den dara huair agus bain úsáid as na focail Ghaeilge faoi B: FOCLÓIR (1) chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Tá Cumann Tarrthála Sléibhe na Gaillimhe ________________ ag an gComhairle Contae.
- Thosaigh an tsiúlóid nuair a bhí sé _______ agus chríochnaigh sí sa ________________.
- Tá daoine ag tabhairt faoin ________________ chun _______________________ an obair thábhachtach a dhéanann an cumann.
- _____________ í an obair a dhéanann an fhoireann tarrthála.
- Tá sé tábhachtach go mbeadh an tseirbhís a chuireann Cumann Tarrthála Sléibhe na Gaillimhe ar fáil ar _______________ mar go mbíonn _______________ i gceist.
- Bhí ar na siúlóirí na ____________________ a léamh roimh ré.
- Is maith linn ar fad a bheith ag _______________ amuigh faoin aer.
- Bíonn sé breá _______________ a bheith amuigh ag siúl, dar le Patsy Ó Cualáin, ach caithfimid a bheith ____________________ ar na seirbhísí tarrthála a bhíonn ann chun cuidiú linn, más gá.

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (An séimhiú)

Féach ar na sleachta den mhír thíos, ina bhfuil **deich** séimhiú fágtha ar lár. Scríobh isteach anois iad.

Treoracha sábháilteachta á dtabhairt do na céadta a bailigh le chéile i bPáirc Gaoithe na Gaillimhe i gConamara agus iad ullamh chun tabhairt faoi dúshlán siúlóide chun airgead a bhailiú do Cumann Tarrthála Sléibhe na Gaillimhe. Seo í an ceathrú bliain don ócáid, *Howl at the Moon*, an t-aon ócáid mór bhliantúil a bhíonn ag an gcumann chun breis airgid a bhailiú dá gcuid seirbhísí agus chun aird a tarraingt ar an obair tábhachtach a dhéanann siad.

É geal nuair a tosaíodar agus dorcha nuair a chríochnaíodar, thug suas le 400 duine faoin dúshlán siúlóide agus rogha acu naoi gciliméadar nó seacht gciliméadar déag a dhéanamh.

Deir Cumann Tarrthála Sléibhe na Gaillimhe go gcabhróidh an t-airgead ar fad a bailíodh chun an tseirbhís deonach a choimeád ag imeacht agus chun beatha daoine a sábháil.

## 2: Cruinneas gramadaí (Na bunuimhreacha …)

a) Líon na bearnaí leis an bhfoirm cheart de gach ainmfhocal. Tá an chéad cheann déanta duit.

| | **1** | **2-6** | **7-10** |
|---|---|---|---|
| **ciliméadar** | aon c**h**iliméadar amháin | trí c**h**iliméadar | seacht **g**ciliméadar |
| **úll** | | | |
| **gúna** | | | |
| **oíche** | | | |

b) Scríobh na huimhreacha thíos i bhfocail:

| | |
|---|---|
| 17 (ciliméadar) | |
| 13 (úll) | |
| 19 (gúna) | |
| 12 (oíche) | |

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint


a) Labhair le gach duine sa rang agus aimsigh daoine a rinne na nithe sa tábla thíos.

| Aimsigh duine … | Ainm an duine |
|---|---|
| … a rinne siúlóid oíche.<br>… a rinne siúlóid chun airgead a bhailiú.<br>… a dhéanann obair dheonach le seirbhís tarrthála.<br>… a thug airgead do chumann, club nó carthanacht le déanaí.<br>… a champáil thar oíche sna sléibhte.<br>… a shnámh san fharraige sa dorchadas.<br>… a chuaigh ar strae agus ag iad ag spaisteoireacht. | |

b) Lig ort féin go bhfuil tú amuigh ag siúl áit éigin in Éirinn. Ba mhaith leat glórtheachtaireacht a thaifeadadh do chara leat. Déan cur síos ar na nithe thíos. Ná habair cá bhfuil tú sa teachtaireacht, áfach.

- na rudaí a fheiceann tú
- na rudaí a chloiseann tú
- an tslí a mothaíonn tú
- an aimsir
- fad na siúlóide

c) Bí ag obair leis an duine in aice leat ansin agus cuirigí bhur dteachtaireachtaí ar siúl dá chéile. An bhfuil a fhios agat cá raibh do pháirtí ag spaisteoireacht?



## 2: Scríobh

Scríobh postáil ghearr do na meáin shóisialta faoin tsiúlóid oíche a phléigh tú faoi Chaint (b) thuas.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

## 3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

| Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat: |
|---|
| |

# AN SCRIPT

**Siún Nic Gearailt**
Anseo ag baile, bhailigh na céadta i gConamara aréir chun tabhairt faoi dhúshlán siúlóide, *Howl at the Moon*, chun airgead a bhailiú do Chumann Tarrthála Sléibhe na Gaillimhe. Is í seo an t-aon ócáid mhór bailithe airgid a bhíonn ag an gcumann sa bhliain, agus cabhraíonn an t-airgead a bhailítear chun an tseirbhís dheonach a choimeád sa tsiúl[1] agus chun beatha daoine a shábháil.

**Eibhlín Ní Choistealbha**
Treoracha sábháilteachta á dtabhairt do na céadta a bhailigh le chéile i bPáirc Ghaoithe na Gaillimhe i gConamara agus iad ullamh chun tabhairt faoi dhúshlán siúlóide chun airgead a bhailiú do Chumann Tarrthála Sléibhe na Gaillimhe. Seo í an ceathrú bliain den ócáid, *Howl at the Moon*, an t-aon ócáid mhór bhliantúil a bhíonn ag an gcumann chun breis airgid a bhailiú dá gcuid seirbhísí agus chun aird a tharraingt ar an obair thábhachtach a dhéanann siad.
**Karina Feirtéar, Oibrí Deonach, Cumann Tarrthála Sléibhe na Gaillimhe**
Foireann sléibhe na Gaillimhe, tá sé maoinithe, is dócha, go pointe, ag Comhairle Contae na Gaillimhe, agus chomh maith leis sin ag an Roinn Iompair. Tá ag tarrac[2] ar, b'fhéidir, tríocha go daichead duine ar an bhfoireann – obair dheonach ar fad í seo ó thaobh na ndaoine atá ar an bhfoireann. Bíonn an fhoireann ag traenáil uair sa choicís; bímid amuigh i gcónaí ag déanamh cúrsaí agus ag déanamh traenála i gcónaí. Tá sé tábhachtach go bhfuil an maoiniú ann agus go bhfuil an t-airgead ann, ó thaobh go bhfuil gach rud, is dócha, d'ardchaighdeán.
**Eibhlín Ní Choistealbha**
É geal nuair a thosaíodar agus dorcha nuair a chríochnaíodar, thug suas le 400 duine faoin dúshlán siúlóide agus rogha acu naoi gciliméadar nó seacht gciliméadar déag a dhéanamh.
**Róisín Ní Bheirn, An Cheathrú Rua, Conamara**
Rud inteacht[3] difriúil atá ann fosta, sa dorchadas – giota craice agus tá sé iontach deas fosta an pobal a fheiceáil ag teacht le chéile do rud inteacht mar seo.
**Eibhlín Ní Choistealbha**
Bhaineadar sin a ghlac páirt ana-shásamh[4] as an oíche.
**Marie Uí Chualáin, Leitir Mealláin, Conamara**
Ní mórán siúlóidí a bhíonn ann san oíche. Tá sé an-, an-deas a bheith ag siúl amuigh, gan aon solas, gan tada[5] mar sin. Níl tada ag cur as duit.
**Patsy Ó Cualáin, Baile na Cille, Conamara**
Bíonn muid uilig[6] ag déanamh beagáinín spaisteoireachta anonn agus anall, an bhfuil a fhios agat. Agus níl a fhios agat cén uair a theastós[7] cabhair uait féin, an bhfuil a fhios agat, sin í an chaoi a gcaithfidh tú a bheith ag cuimhneamh air. Tá sé breá suaimhneach a bheith amuigh ann.
**Eibhlín Ní Choistealbha**
Deir Cumann Tarrthála Sléibhe na Gaillimhe go gcabhróidh an t-airgead ar fad a bailíodh chun an tseirbhís dheonach a choimeád ag imeacht agus chun beatha daoine a shábháil.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4, i bPáirc Ghaoithe na Gaillimhe.

---

[1] Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar fhocail dar tús 's' tar éis 'sa'.
[2] ag tarrac = leagan canúnach de 'ag tarraingt'
[3] inteacht = leagan canúnach de 'éigin'
[4] an-sásta a scríobhtar sa Chaighdeán Oifigiúil
[5] tada = leagan canúnach de 'dada'
[6] uilig = leagan canúnach de 'uile'
[7] a theastós = a theastóidh

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.
An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh faoin méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós, de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht.

Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile ansin. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| dúshlán siúlóide | *a walking challenge* |
| beatha daoine | *people's lives* |
| treoracha sábháilteachta | *safety instructions* |
| aird a tharraingt ar (rud) | *to draw attention to (something)* |
| maoinithe | *funded* |
| obair dheonach | *voluntary work* |
| ardchaighdeán | *high standard* |
| geal | *bright* |
| dorchadas | *darkness* |
| spaisteoireacht | *strolling, rambling* |
| ag cuimhneamh (ar) | *thinking (about)* |
| suaimhneach | *calm, tranquil* |

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. | 6. | 7. | 8. | 9. | 10. | 11. | 12. |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| f | k | i | e | l | a | c | j | d | h | b | g |

2. *Galway Mountain Rescue Association.*
3. An Roinn Iompair.
4. Freagraí:

isteach / amach
amuigh / istigh
anonn / anall
siar / aniar

## C: TUISCINT

1. Féach ar an script.
2. Freagraí:
    - Tá Cumann Tarrthála Sléibhe na Gaillimhe **maoinithe** ag an gComhairle Contae.
    - Thosaigh an tsiúlóid nuair a bhí sé **geal** agus chríochnaigh sí sa **dorchadas**.
    - Tá daoine ag tabhairt faoin **dúshlán siúlóide** chun **aird a tharraing ar** an obair thábhachtach a dhéanann an cumann.
    - **Obair dheonach** í an obair a dhéanann an fhoireann tarrthála.
    - Tá sé tábhachtach go mbeadh an tseirbhís a chuireann Cumann Tarrthála Sléibhe na Gaillimhe ar fáil ar **ardchaighdeán** mar go mbíonn **beatha daoine** i gceist.
    - Bhí ar na siúlóirí na **treoracha sábháilteachta** a léamh roimh ré.
    - Is maith linn ar fad a bheith ag **spaisteoireacht** amuigh faoin aer.
    - Bíonn sé breá **suaimhneach** a bheith amuigh ag siúl, dar le Patsy Ó Cualáin, ach caithfimid a bheith **ag cuimhneamh** ar na seirbhísí tarrthála a bhíonn ann chun cuidiú linn, más gá.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (An séimhiú)

Freagraí:

Treoracha sábháilteachta á dtabhairt do na céadta a b**h**ailigh le chéile i bPáirc G**h**aoithe na Gaillimhe, i gConamara, agus iad ullamh chun tabhairt faoi d**h**úshlán siúlóide chun airgead a bhailiú do C**h**umann Tarrthála Sléibhe na Gaillimhe. Seo é an ceathrú bliain don ócáid, *Howl at the Moon*, an t-aon ócáid m**h**ór bhliantúil, a bhíonn ag an gcumann chun breis airgid a bhailiú dá gcuid seirbhísí agus chun aird a t**h**arraingt ar an obair t**h**ábhachtach a dhéanann siad.

É geal nuair a t**h**osaíodar agus dorcha nuair a chríochnaíodar, thug suas le 400 duine faoin dúshlán siúlóide agus rogha acu naoi gciliméadar nó seacht gciliméadar déag a dhéanamh.

Deir Cumann Tarrthála Sléibhe na Gaillimhe go gcabhróidh an t-airgead ar fad a bailíodh chun an tseirbhís d**h**eonach a choimeád ag imeacht agus chun beatha daoine a s**h**ábháil.

### 2: Cruinneas gramadaí (Na bunuimhreacha)

a) Freagraí:

| | 1 | 3-6 | 7-10 |
|---|---|---|---|
| **ciliméadar** | aon chiliméadar amháin | dhá, trí, ceithre, cúig, sé chiliméadar | seacht, ocht, naoi, deich gciliméadar |
| **úll** | aon úll amháin | dhá, trí, ceithre, cúig, sé úll | seacht, ocht, naoi, deich n-úll |
| **gúna** | aon ghúna amháin | dhá, trí, ceithre, cúig, sé ghúna | seacht, ocht, naoi, deich ngúna |
| **oíche** | aon oíche amháin | dhá, trí, ceithre, cúig, sé oíche | seacht, ocht, naoi, deich n-oíche |

b) Má leanann an focal 'déag' ainmfhocal a chríochnaíonn ar ghuta, séimhítear é. Freagraí:

| | |
|---|---|
| 17 (ciliméadar) | seacht gciliméadar déag |
| 13 (úll) | trí úll déag |
| 19 (gúna) | naoi ngún**a** d**h**éag |
| 12 (oíche) | dhá oích**e** d**h**éag. |

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

a) Caithfidh siad labhairt le gach duine sa rang agus iarracht a dhéanamh daoine a aimsiú a bhfuil na nithe sa bhosca déanta acu.

b) Caithfidh siad glórtheachtaireacht a thaifeadadh – ag samhlú go bhfuil siad amuigh ag siúl. Ba cheart go mbeadh sé cosúil leis an gceann thíos.

Haigh, a chroí. Bhí mé ag iarraidh teachtaireacht bheag a chur chugat. Tá mé amuigh ag siúl agus mé chomh sásta le píobaire. Tá loch mór os mo chomhair amach agus tá sé ar nós scáileáin. Níl puth ghaoithe ann agus feicim scáil na gcrann agus na gcnoc san uisce. Tá sé chomh suaimhneach anseo. Cé go bhfuil siúlóir nó beirt eile timpeall, ní chloisim ach na héin ag canadh agus an t-uisce ag sileadh go tapa san eas atá in aice liom.
Thóg mé an bus ó lár Bhaile Átha Cliath le teacht go dtí an áit draíochta seo agus níor thóg an turas ach uair go leith. Thosaigh mé ag siúl ag an gcloigtheach agus siúlfaidh mé timpeall deich gciliméadar, déarfainn. Thaitneodh an áit seo leat; tá mé cinnte faoi sin. An bhfuil a fhios agat cá bhfuil mé?
Ádh mór!
(Gleann Dá Loch)

c) Caithfidh siad ansin éisteacht leis na glórtheachtaireachtaí agus buille faoi thuairim a thabhairt faoin áit a raibh siad ag siúl.

### 2: Scríobh

Iarr orthu script na glórtheachtaireachta a scríobh anois agus é a phostáil ar na meáin shóisialta.

### 3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.

Ollscoil Mhá Nuad Ollscoil na hÉireann Má Nuad | Lárionad na Gaeilge Taighde, Teagasc & Tástáil
Foghlaim TG4
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta